# Easaontas idir clubanna i gCathair na Gaillimhe



Eochairfhocail: easaontas, iarratas pleanála, imní, teorainneacha ceantar, páirc uile-aimseartha

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad atá tar éis titim amach idir clubanna áirithe Chumann Lúthchleas Gael i gCathair na Gaillimhe le cúpla seachtain anuas?
2. Cad ba chúis leis an easontas? iarratas pleanála ó Bhóthar na Trá Cnoc na Cathrach ar áiseanna nua a thógáil
3. Cé mhéad páirc a bhí luaite san iarratas pleanála a chuir Bóthar na Trá Cnoc na Cathrach isteach?
4. Ainmnigh an dá dhream a luann Méadbh Seoighe a mbíonn an club ag brath orthu chun páirceanna a chur ar fáil dóibh?
5. Conas a léiríonn an tuairsceoir dúinn nach club beag é Bóthar na Trá Cnoc na Cathrach?
6. Cén fáth a bhfuil imní ar CLG Naomh Mícheál faoi phleananna Bhóthar na Trá Cnoc na Cathrach?
7. Cén spórt a chuirtear chun cinn sa chlub Rahún/An Caisleán Nua?
8. Conas a thiocfar ar chomhréiteach, dar le Bord an Chontae i nGaillimh?
9. Déan cur síos ar mholadh amháin atá ag Bord an Chontae maidir le teacht ar chomhréiteach?
10. An bhfuil spéis agat sna cluichí Gaelacha? An imríonn tú aon cheann de na cluichí Gaelacha? Má imríonn, an club mór nó beag é do chlub? An bhfuil áiseanna maithe ag an gclub?



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Féach ar an bhfíseán arís agus cuir na habairtí seo a leanas san ord ceart**

1.ar siúl, idir, Chumann Lúthchleas Gael, faoi láthair, Tá, clubanna, na Gaillimhe, gcathair, aighneas, i

______________________________________________________________________

2.ag teastáil, club, Bóthar na Trá Cnoc na Cathrach, mór, é, áiseanna, uaidh, tá, nua, millteach, agus, Is

______________________________________________________________________

3.siad, leathnú amach, clubanna, go mbeidh, le, an cheantair, eile, thíos, Ceapann, Bhóthar na Trá Cnoc na Cathrach

______________________________________________________________________

4.go géar, ó, agus, páirceanna, ghnáthpháirceanna, nua,, idir, pháirc amháin uile-aimseartha,, Bhóthar na Trá Cnoc na Cathrach, ag teastáil, Tá

______________________________________________________________________

5.ag iarraidh, chomhréiteach, Bord an Chontae, na clubanna, nGaillimh, i, Tá, go dtiocfaidh, ar

______________________________________________________________________

6.tharlóidh, ag an, cad, Ní fios,, bpointe seo,, a

______________________________________________________________________



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Lig ort gur ball tú de Chlub Chumann Lúthchleas Gael Bóthar na Trá Cnoc na Cathrach. Déan taighde ar líne, más gá, agus scríobh cuntas ar an gclub. Is leor 100 focal don chuntas. Déan tagairt do na nithe seo a leanas ann:**



## Freagraí

1. Easaontas
2. Iarratas pleanála ó Bhóthar na Trá Cnoc na Cathrach ar áiseanna nua a thógáil
3. 3. 2 ghnáthpháirc imeartha agus páirc amháin uile-aimseartha
4. An Chomhairle Chontae agus scoileanna
5. Deir sí go bhfuil an club ar cheann de na clubanna is mó i gConnachta
6. Go ngoidfidh an club a gcuid imreoirí amach anseo
7. An iománaíocht
8. Cainteanna díreach a bheith ar siúl idir na clubanna iad féin
9. Áiseanna a roinnt idir na clubanna nó aontú idir na teorainneacha ceantar

1. Tá aighneas ar siúl faoi láthair idir clubanna Chumann Lúthchleas i gcathair na Gaillimhe.
2. Is club mór millteach é Bóthar na Trá Cnoc na Cathrach agus tá áiseanna nua ag teastáil uaidh.
3. Ceapann clubanna eile an cheantair go mbeidh siad thíos le leathnú amach Bhóthar na Trá Cnoc na Cathrach
4. Tá páirceanna nua, idir ghnáthpháirceanna agus pháirc amháin uile-aimseartha, ag teastáil go géar ó Bhóthar na Trá Cnoc na Cathrach
5. Tá Bord an Chontae i nGaillimh ag iarraidh go dtiocfaidh na clubanna ar chomhréiteach.
6. Ní fios, ag an bpointe seo, cad a tharlóidh.

